

An Féile Bheag Filíochta



An Fhéile Bheag Filíochta

Baile an Fheirtéaraigh
11-13 Samhain 2016

Mícheál Ó hUanacháin
ag labhairt ag an Oscailt

Ní féidir ócáid mar seo a thosnú gan aird a thabhairt ar scéala bhás an scríbhneora agus an amhránaí Leonard Cohen a tháinig chugainn ar maidin.

Cuirim an dá fhocal san ord sin, mar ba scríbhneoir ó thús é. Foilsíodh trí chnuasach filíochta agus dhá úrscéal leis, agus bhí meas air mar cheannródaí i nglúin óg scríbhneoirí Cheanada sarar thug sé coán an cheoil air féin sa dara leath de na 1960dí – nuair a d'fhill sé ón oileán Gréagach a raibh sé ag maireachtáil air le dornán blianta.

Sinne, glúin na 60dí, is dócha gur mar údar amhrán a chan Judy Collins is túisce a chuireamar aithne air, má thógamar aon cheann den eolas sin. Cinnte, bhí *Suzanne* agus *Hey, That's No Way To Say Goodbye* cloiste againn sarar chuir sé féin ar diosca iad. Agus bhí sé ag scríobh filíochta i gcaitheamh an ama – má seoladh an diosca deiridh leis an mhí seo caite, bhí dán nár amhrán é á fhoilsiú ar líne i mbliana leis.

Ach ardaíonn a chás-san agus Duais Nobel Bob Dylan an sean-cheist arís: Cad é is filíocht ann? Insint, b'fhéidir, a chaitheann solas neamh-ghnách ar ghnáthrud.

Smaoiním ar ghluaiseacht phaiste gréine trasna sleasa Bhréanainn thoir ansin uainn. Ach d'fhéadfaí samplaí a fháil i ngach treo baill san áit seo: An crot athraitheach a bhíonn ar bheann Mhárthan uaireanta maidineacha ceo, nó dathanna spleodracha dhul faoi na gréine ó dheas de Cheann Sibéal, nó an chuma bhagrach liath a bhíonn ar na scamaill scaití trí bhéal Chuan Ard na Caithne amach.

Agus níl an radharcra sin bán ar fad. Bíonn daoine ann freisin.

Bíonn triúr amuigh le calán ag taoscadh naomhóige faoi scáth an Chapail Dhuibh thiar ó Cheann Bhaile Dháith, nó trí scór le gloiní ag diúgadh piontaí i gCapall Dubh Inse Chóir le taobh an Luas; leathchéad ag faire rugbaí cois trá i mBaile na nGall, nó míle ag breathnú peile i dTailte Carlisle láimh le Muir Éireann, nó lán Pháirc an Chrócaigh lá cluiche ceannais caide; scata siúlaithe ag tabhairt faoi thimpeall Cheann Sléibhe nó slua achrannach ag tabhairt faoin rialtas ar Shráid Uí Chonaill.

Bíonn siad insan bhfilíocht, nó taobh thiar den bhfilíocht, nó is iad comhthéacs na filíochta iad – nó is léitheoirí iad, nó filí féin.

Ach ní fhreagraíonn an méid sin ar fad an síorcheist faoi cad is filíocht ann. Bíonn daoine ag iarraidh freagraí a cheapadh, agus ait go leor ní hiad na filí féin is mó a chumann, ach daoine oirearca eile.

Agus chomh minic lena mhalairt déantar mí-thuairisciú ar a ndeireann siad. Duine de na filí Béarla is mó a luaitear sainmhíniú leis, William Wordsworth, ní dúirt sé go mba é b'fhilíocht ann ná "emotion recollected in tranquillity". Dúirt sé go mba í filíocht an "spontaneous overflow of powerful feelings" a ghineann an mhothú sin a tugtar chun cuimhne go suaimhneach.

Tá cúpla samhail atá tarraingthe anuas ag scríbhneoirí éagsúla. Leonardo da Vinci, mar shampla: "la poesia è una pittura che si sente e non si vede", an fhilíocht ina phéintéireacht a mhothaítear nó a chloistear, mar mhalairt ar ealaíon fiseach ina fhilíocht a chítear. Bhí leaganacha de sin ag Octavio Paz i Meicsiceo – agus rompu beirt, ag Plutarch na Gréige.

A rá nach gcríochnaítear dán riamh, ach é ligean uait nó é thréigean: bhí sé sin ag Paul Valéry na Fraince agus ag TS Eliot araon.

Agus suimiúil go maith, luann dornán maith an gaol atá idir fhilíocht agus eolaíocht. Shamhlaigh Gustave Flaubert an fhilíocht bheith chomh cruinn le céimseata. Dar le Niels Bohr, ba ghá filíocht chun cur síos ar an adamh. Agus chuir Einstein droim ar ais é, gurb í an mhatamaitic filíocht na smaointe loighiciúla.

Ní i gcónaí, áfach, a bhí na scríbhneoirí moltach ar fhilí. "Le poète est un menteur qui dit toujours la vérité", dar le Jean Cocteau: bréagaire é an file a insíonn an fhírinne i gcónaí; nó síceolaí faoi rún mar a bhaist Turgenev air go maslach.

Cuid eile, níor léir go mba leor leo focail chun an chiall a chur i gcéill: bhí Victor Hugo uile-ghabhálach: "Savoir, penser, rêver. Tout est là." Agus d'fhág Carl Sandburg faoin samhlaíocht ar fad é, á rá gurb ionann filíocht agus "the synthesis of hyacinths and biscuits". Seans go raibh gal ait éigin blaiste aige sara ndúirt sé an méid sin!

Tagann tréimhsí agus imíonn tréimhsí. Bhí tamall ann, mar shampla, i measc ghlúin airithe filí, i bhFicheadaí agus Tríochadaí an chéid seo caite, nuair a chaitheadar ré ama agus acraí páipéir ag plé teoriciú liteartha. Chumadar deifnídí agus d'eisíodar forógraí, agus chomh minic lena mhalairt chuaigh a gcuid scríbhinní féin i ndearmad chomh tapaidh is a scríobhadh iad.

Níor tháinig an Ríordánach féin ná an Direánach slán ón gcathú sin, tú féin a mhíniú sara bhfeiceann an léitheoir do chuid. Ach ní mór a admháil go bhfuil tábhacht le tuairim ar cad í is filíocht ann, mura mbeadh uainn ach tuiscint a dhealódh ón bprós í.

B'fhéidir tar éis an tsaoil go n-oireann an "Insint a chaitheann solas neamh-ghnách ar ghnáthrud" a

dúras ó chianaibhín, a thabhairt uirthi.

Ach nílim ag tabhairt faoin shainmhíniú a thuilleadh. Fágfaidh mé fúibh féin é sin, más áil libh é. Ó tharla gurbh é tuairim Walt Whitman "To have great poets, there must be great audiences", déanfaidh mé gairm bheag scoile daoibhse ina ionad.

Bígi istigh!

*Tá beatha agus ól anseo,
comhluadar agus fáilte.*

*Tá soláthar fial focal romhainn
a chuirfidh spioraid ag rince
le háthas, ag crith le cuthach,
ag leá le gean, ag caoi le cumha.*

*Tá an bád faoi réir,
an calico crochta,
an t-alach rámh
ar chnogaí faoi ghamba*

is an Fhéile Bheag seolta.